C/2025/2955

16.6.2025

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Plean Gníomhaíochta chun an comhar a fheabhsú idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach agus sa Chasacstáin faoi chuimsiú chur chun feidhme na Straitéise Nua maidir leis an Áise Láir agus na straitéise 'Global Gateway'

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2025/2955)

Rapóirtéir: **Dumitru FORNEA**

Comhairleoir	Igor ZUBCU
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	17.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
	Tuairim féintionscnaimh
An rannóg atá freagrach	Caidreamh Seachtrach
Dáta a glactha sa rannóg	11.2.2025
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	26.3.2025
Seisiún iomlánach Uimh.	595
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	147/0/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Aithníonn CESE go bhféadfaí caidreamh an Aontais le Poblacht na Casacstáine a fheabhsú bunaithe ar an idirspleáchas eacnamaíoch agus trádála atá ann cheana féin i réimsí áirithe, cuir i gcás infheistíochtaí san fhuinneamh agus sa lóistíocht. Mar sin féin, is den ríthábhacht a áirithiú go dtabharfar tús áite sa chaidreamh sin don inbhuanaitheacht, do chearta an duine agus don chuimsitheacht, agus go bhfuil sé i gcomhréir le luachanna agus spriocanna straitéiseacha an Aontais. Chun comhar cothrom a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh a chothú, tá sé tábhachtach go ndéanfaí an caidreamh idir an tAontas agus an Chasacstáin a éagsúlú a oiread agus is féidir i réimsí difriúla gníomhaíochta, agus ábhair chomhshaoil, shóisialta agus gheopholaitiúla á gcur san áireamh mar is ceart.

1.2. Tacaíonn CESE le forbairt an idirphlé shibhialta agus shóisialta i réigiún na hÁise Láir agus molann sé go gcuirfí ar bhonn foirmiúil é (ós é sin ceann de chuspóirí na sochaí sibhialta sa réigiún) ar aon dul leis na dea-chleachtais a chuirtear chun feidhme sa chaidreamh leis an tsochaí shibhialta eagraithe sna Balcáin Thiar agus, go pointe áirithe, i gComhpháirtíocht an Oirthir.

1.3. Is iad an Chasacstáin agus an Úisbéiceastáin na tíortha is mó atá in ann iad féin a ailíniú go héasca agus go tapa leis an Aontas sna cláir thacaíochta don idirphlé sóisialta agus sibhialta trí leas a bhaint as an taithí a fuair siad cheana féin ón bhFóram Sochaí Sibhialta bliantúil idir an tAontas Eorpach agus an Áise Láir.

1.4. I ndáil le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair Fheabhsaithe (CCCF) agus na straitéise 'Global Gateway' sa Chasacstáin agus san Áise Láir i gcoitinne, tá CESE den tuairim láidir nach féidir é a dhéanamh mura nglacann eagraíochtaí na sochaí sibhialta páirt ann nó mura bhfuil leithdháileadh airgeadais ar leith ann chun tacú leis na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil 5, Airteagal 251 de CCCF.

1.5. Tá CESE suite de gur féidir an caidreamh idir an tsochaí shibhialta eagraithe san Aontas agus an Chasacstáin a fhorbairt ar bhealach struchtúrtha bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta ina mbeidh roinnt tosaíochtaí agus é i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Ní mór cistiú a chur ar fáil leis an tionscnamh 'Global Gateway' agus le ranníocaíocht chomhréireach rialtais ó na stáit sa réigiún sin, agus ó dheontóirí idirnáisiúnta eile. Ba cheart don Phlean Gníomhaíochta tosaíocht a dhéanamh de na pointí seo a leanas:

— Faireachán, meastóireacht agus cur chun feidhme neamhspleách leanúnach na nithe seo a leanas a áirithiú: (a) dálaí na n-oibrithe, urraim do chearta na n-oibrithe agus do ghníomhaíochtaí na gceardchumann; (b) urraim do chearta an duine agus don neamh-idirdhealú; (c) saoirse an phreasa; (d) an deimhneacht dhlíthiúil agus urraim don smacht reachta.

— Ba cheart Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÁise Láir a bhunú bunaithe ar shamhail agus ar thaithí Fhóraim Sochaí Sibhialta AE-na hÁise Láir a eagraíonn na hinstitiúidí Eorpacha go tréimhsiúil agus bunaithe ar na dea-chleachtais a d'fhorbair Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Fóram Sochaí Sibhialta Chomhpháirtíocht an Oirthir.

— Ní mór ról a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta an Meabhrán Tuisceana idir an tAontas agus an Chasacstáin maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i réimse na n-amhábhar, na gceallraí agus na hidrigine in-athnuaite a chur chun cinn. Má thugtar ról dóibh beifear in ann a áirithiú go mbeidh an Meabhrán Tuisceana ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) freisin, go háirithe SFI 7 (Fuinneamh Glan Inacmhainne), SFI 12 (Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach) agus SFI 13 (Gníomhaíocht ar son na hAeráide). Déanfar amhlaidh trí rannchuidiú leis an measúnú ar inbhuanaitheacht tionscadal agus oibleagáidí díchill chuí i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus ECFE.

— Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach cabhrú le forbairt agus comhdhlúthú na sochaí sibhialta sa Chasacstáin trí chlár malartaithe taithí a chruthú do na státseirbhísigh sa chóras riaracháin agus d'fhoireann chóras breithiúnach na tíre. D'fhéadfadh an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí in Maastricht agus an Lárionad Eorpach do Bhreithiúna agus Dlíodóirí i Lucsamburg a bheith rannpháirteach ann freisin.

— Ba cheart do na hinstitiúidí Eorpacha tacú freisin le forbairt na sochaí sibhialta sa Chasacstáin trí na deiseanna oideachais don Chasacstánach óg a mhéadú trí bhíthin an chláir Erasmus. Tá oiliúint curtha ar ionadaithe nua na sochaí sibhialta cheana féin a bhuí leis an gclár sin, agus tá tuiscint níos fearr acu ar chóras na bprionsabal agus na luachanna san Aontas dá réir. Téann daoine óga ó na Ballstáit chun staidéar a dhéanamh sa Chasacstáin freisin agus bíonn baint nach beag aige sin leis an gcomhar déthaobhach, rud a théann i dtreis le comhthuiscint agus meas.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Dírítear sa tuairim seo ar an gcomhar idir an tAontas agus an Chasacstáin a neartú, go háirithe i réimsí arb údar imní iad don tsochaí shibhialta eagraithe, agus na tosaíochtaí agus na deiseanna a eascraíonn as cur chun feidhme Straitéis Nua an Aontais maidir leis an Áise Láir agus an tionscnaimh 'Global Gateway' á gcur san áireamh.

2.2. Tá an chomhpháirtíocht leis an Aontas Eorpach fós ina bunchloch de bheartas eachtrach na Casacstáine, agus is í an chéad tír i réigiún na hÁise Láir í a shínigh CCCF leis an Aontas, agus comhar níos doimhne cothaithe acu i bpríomhearnálacha amhail trádáil, infheistíocht, fuinneamh, talmhaíocht agus nascacht dá bharr.

2.3. Is é an tAontas an comhpháirtí trádála is mó atá ag an gCasacstáin. In 2023, rinneadh infheistíocht Eorpach dar luach EUR 170 billiún sa Chasacstáin agus EUR 42,4 billiún ba luach do thrádáil earraí an Aontais leis an gCasacstáin, méadú 5,6 % i gcomparáid le 2022. B'fhiú EUR 12.1 billiún onnmhairí an Aontais, méadú 17,2 % i gcomparáid le 2022, agus bhí luach EUR 30,3 billiún ar allmhairí ón gCasacstáin (méadú 1,6 % i gcomparáid le 2022) ([1]).

2.4. San áireamh sa trádáil idir an Chasacstáin agus an tAontas tá onnmhairí suntasacha acmhainní fuinnimh agus allmhairí innealra agus trealaimh. Tá an Chasacstáin sa dara háit déag ar domhan a mhéid a bhaineann le cúlstoic ola, agus is ann a sholáthraítear thart ar 13 % d'éileamh an Aontais ar ola.

([1]) https://policy.trade.ec.europa.eu/eu-trade-relationships-country-and-region/countries-and-regions/kazakhstan_en.

2.5. Tá baint ag ról straitéiseach na Casacstáine le hamhábhair chriticiúla freisin ós rud é go bhfuil 33 de na 34 eilimint a sainaithníodh i nGníomh um Amhábhair Chriticiúla an Choimisiúin Eorpaigh le fáil sa tír. Astu sin, tá 19 gcinn acu á dtáirgeadh faoi láthair agus déanfar 14 cinn eile díobh a eastóscadh amach anseo, rud a fhágann go mbeidh an Chasacstáin ina príomh-chomhpháirtí ag an Aontas chun soláthar cobhsaí ábhar riachtanach a áirithiú don aistriú fuinnimh agus d'earnáil na hardteicneolaíochta.

2.6. Chuige sin, an 7 Samhain 2022, síníodh Meabhrán Tuisceana idir an tAontas agus an Chasacstáin maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i réimse na n-amhábhar, na gceallraí agus na hidrigine in-athnuaite ([2]), agus é de chuspóir aige dlús a chur leis an gcomhar sa réimse sin, chun infheistíochtaí sna réimsí a chumhdaítear leis an gcomhaontú sin a mhéadú agus chun rannpháirtíocht i gcláir nuálaíochta agus taighde a spreagadh.

2.7. Tá an Áise agus an Eoraip á dtabhairt níos congaraí dá chéile a bhuí le hobair forbartha na Casacstáine ar na líonraí nascachta agus iompair. Téann 13 chonair iompair idirnáisiúnta san iomlán trasna na Casacstáine, lena n-áirítear cúig chonair iarnróid agus ocht gconair bhóthair. Tá seans nach beag gur príomhnasc trádála a bheidh sa Mheánchonair. Is féidir eitilt chuig 132 cheann scríbe i 32 thír le haerlínte na Casacstáine agus aerlínte eachtracha, rud a nascann an Áise Láir leis an Eoraip.

2.8. Bunaithe ar staidéar de chuid an Aontais agus an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha, *Study on Sustainable Transport Connections between Europe and Central Asia* [Naisc Iompair Inbhuanaithe idir an Eoraip agus an Áise Láir] ([3]), agus i gcomhthéacs chur chun feidhme an tionscnaimh 'Global Gateway', seoladh Ardán Comhordúcháin le haghaidh an Bhealaigh Iompair Idirnáisiúnta Thras-Chaispeach in Astana an 12 Meitheamh 2024.

2.9. Tá an t-ardán ceaptha chun tionscadail a éascú feadh an Bhealaigh Iompair Idirnáisiúnta Thras-Chaispeach agus tugtar le chéile ann deontóirí, infheisteoirí, páirtithe leasmhara agus tairbhithe a bhfuil baint acu leis an mbealach iompair sin. Áirítear orthu sin cúig stát na hÁise Láir, an Airméin, an Asarbaiseáin, an tSeoirsia, an Tuirc, an Coimisiún Eorpach agus an tAontas Eorpach, na Ballstáit, an Banc Eorpach Infheistíochta, an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, an Banc Domhanda agus Banc Forbartha na hÁise.

2.10. Roimh chogadh na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí an Chonair Eoráiseach Thuaidh ar an bpríomhbhealach talún idir an Eoraip agus an Áise, ach tugadh aitheantas sa staidéar don Bhealach Iompair Idirnáisiúnta Tras-Chaispeach mar rogha eile. Sa staidéar sin, moladh infheistíochtaí tosaíochta a dhéanamh sa Chasacstáin chun an bonneagar iarnróid a nuachóiriú freisin.

2.11. Tá an Chasacstáin ina ball den Aontas Eacnamaíoch Eoráiseach (EAEU) atá faoi stiúir na Rúise. D'fhéadfadh naisc láidre eacnamaíocha idir an Chasacstáin agus an tAontas cobhsaíocht eacnamaíoch na Casacstáine a fheabhsú, rud a rachadh chun tairbhe don Rúis go hindíreach trí gheilleagar EAEU agus geilleagair a bhallstát a neartú. I bhfianaise smachtbhannaí an Aontais ar an Rúis tar éis di ionradh a dhéanamh ar an Úcráin, bhí imní ann go mbainfeadh an Rúis leas as na tíortha comharsanachta, an Chasacstáin san áireamh, mar bhealaí malartacha onnmhairiúcháin nó mar idirghabhálaithe chun rochtain a fháil ar earraí srianta. D'fhéadfadh an méadú sin ar an méid trádála féidearthachtaí a chruthú don Rúis na smachtbhannaí a sheachaint.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. ***An tsochaí shibhialta sa Chasacstáin — an creat dlíthiúil agus institiúideach. Rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta***

3.1.1. Le 30 bliain anuas, tháinig tionscnaimh nua shuntasacha de chuid eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an bhfód sa Chasacstáin, a bhfuil ag éirí go geal lena bhformhór, agus réimse leathan seirbhísí á soláthar don tsochaí acu. Ar leibhéal praiticiúil, tá tionchar éigin ag cuid de thionscnaimh na sochaí sibhialta ar an saol polaitiúil, sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus daonnúil sa Chasacstáin.

([2]) https://primeminister.kz/en/news/kazakhstan-and-eu-sign-strategic-partnership-document-8103856.
([3]) https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/international-relations/study-sustainable-transport-connections-central-asia_en.

3.1.2. Le foraithne Uimh. 341 ón Uachtarán an 2 Meitheamh 2020, formheasadh doiciméad straitéiseach ina sainítear príomhthreoracha fhorbairt fhadtéarmach na sochaí sibhialta, is é sin *The concept for the development of civil society in the Republic of Kazakhstan for 2020-2030* [An coincheap maidir le forbairt na sochaí sibhialta i bPoblacht na Casacstáine do 2020-2030] ina leagtar amach cineálacha nua cur chuige chun gníomhaíochtaí na hearnála sibhialta a athrú ó bhonn. Déanfar an coincheap a chur chun feidhme in dhá chéim: an chéad chéim ó 2020 go 2025 agus an dara céim ó 2026 go 2030.

3.1.3. An 29 Nollaig 2021, tháinig *Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir leis an gCoimisinéir um Chearta an Duine i bPoblacht na Casacstáine* i bhfeidhm. Rialaíonn an Dlí sin gnéithe áirithe de ghníomhaíochtaí chosantóirí chearta an duine. Ráthaíonn sé freisin cearta agus saoirsí chosantóirí chearta an duine chomh maith le cruthú, feidhmiú agus faireachán an tsásra chun daoine a thugann faoi ghníomhaíochtaí chearta an duine a chosaint.

3.1.4. An 3 Eanáir 2021, glacadh Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir le leasuithe agus breisithe a thabhairt isteach ar roinnt gníomhartha reachtacha de chuid Phoblacht na Casacstáine maidir le gníomhaíochtaí na gcomhairlí poiblí. Agus comhairlí poiblí á mbunú, rinneadh obair chun rannpháirtíocht ionadaithe eagraíochtaí neamhrialtasacha gníomhacha, páirtithe gníomhacha agus gníomhaithe sibhialta gníomhacha a chinntiú.

3.1.5. I mí na Nollag 2021, glacadh Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir le leasuithe agus breisithe a thabhairt isteach ar ghníomhartha reachtacha áirithe de chuid Phoblacht na Casacstáine maidir le feabhas a chur ar an reachtaíocht um nósanna imeachta sibhialta agus maidir le hinstitiúidí a fhorbairt chun díospóidí a réiteach go seachbhreithiúnach agus go réamhbhreithiúnach (an Dlí maidir le hidirghabháil).

3.1.6. An 4 Iúil 2022, shínigh an Ceann Stáit Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir le gníomhaíochtaí saorálaíochta agus carthanachta, inar glacadh athruithe maidir le horduithe sóisialta stáit agus cistiú deontais. Sa lá atá inniu ann, tá líon na n-oibrithe deonacha gníomhacha ag thart ar 200 míle duine. Tá breis agus 65 000 saorálaí cláraithe ar shuíomh gréasáin Qazvolunteer.kz.

3.1.7. In 2022 freisin, cuireadh an Kurultai Náisiúnta ar bun faoi cheannaireacht Uachtarán Phoblacht na Casacstáine. Is comhlacht comhairleach é seo a bhfuil sé mar phríomhchuspóir dearbhaithe aige smaointe agus céimeanna a fhorbairt chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gcumhachtú sóisialta ([4]).

3.1.8. An 2 Deireadh Fómhair 2023, glacadh *Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir le Rialú Poiblí*. Leagtar béim sa dlí ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na saoránach in obair na n-údarás poiblí agus trédhearcacht a áirithiú i dtaca le hobair an rialtais. Moltar ann sásraí a chur ar bun chun ligean don phobal páirt ghníomhach a ghlacadh san fhaireachán ar ghníomhaíochtaí na ngníomhaireachtaí rialtais.

3.1.9. In 2019, rinne ceannairí reatha na tíre an coincheap maidir le 'stát éisteachta' a chur chun feidhme, chun go bhféadfaidís freagairt go pras do 'cháineadh cuiditheach agus moltaí ó na saoránaigh'. Ar na huirlisí faoin tionscnamh seo tá achainíocha ar líne agus reifrinn. Ní mór 50 000 síniú a bhailiú chun go mbreathnófar ar achainí ar líne. D'aontaigh ionadaithe na sochaí sibhialta gur éirigh go maith leis an ionstraim sin. Tá roinnt athruithe beartaithe, áfach, go háirithe maidir le líon na sínithe a bheidh ag teastáil chun achainí a bhailíochtú. Ní fios na figiúirí oifigiúla go fóill, ach tá ráite ag roinnt ionadaithe gur gá 150 000 síniú a fháil, rud a bheadh thar a bheith deacair i dtír chomh mór sin ina bhfuil 20 milliún duine scaipthe go míchothrom ar fud na tíre.

3.1.10. Ina theannta sin, is féidir le saoránach ar bith ceist a iarraidh ar na húdaráis ar an tairseach gréasáin eOtinish ([5]) agus dúirt ionadaithe na Casacstáine le linn an mhisin gur oibrigh an uirlis go han-mhaith, cé nach i gcónaí a bhí cáilíocht na bhfreagraí sásúil.

3.1.11. An 6 Deireadh Fómhair 2024, reáchtáil an rialtas reifreann maidir le gléasra cumhachta núicléiche a thógáil. Chuir eagraíochtaí neamhrialtasacha agus saoránaigh roinnt ábhair imní in iúl faoi cé a mhaoineodh tionscadal ar an méid sin ós rud é nach bhféadfadh an Chasacstáin é a mhaoiniú í féin ón mbuiséad stáit. Ina theannta sin, ba chosúil gur mhó an imní a bhí ar an bpobal faoi na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith bainteach leis an tionscadal (an t-éilliú, an neamhinniúlacht, cúrsaí maorlathais) seachas faoin tionscadal féin, i.e. an gléasra cumhachta núicléiche.

3.1.12. In Airteagal 251 de Chaibidil 5 de CCCF déantar foráil don chomhar idir sochaí shibhialta an Aontais agus sochaí shibhialta na Casacstáine, áit a sonraítear go leanfaidh na Páirtithe dá n-idirphlé agus go neartóidh siad é le cruinnithe agus comhairliúchán, agus go n-oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir le ról na sochaí sibhialta.

([4]) https://quryltai.kz.
([5]) https://eotinish.kz/kk.

3.1.13. Bhuail toscaireacht CESE le heagraíocht na sochaí sibhialta a dhéanann faireachán ar chur chun feidhme an Mheabhráin Tuisceana idir an tAontas agus an Chasacstáin maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i réimse na n-amhábhar, na gceallraí agus na hidrigine in-athnuaite. Mhol ionadaithe na heagraíochta sin gur dhúshlán a bhí ann faisnéis iontaofa a fháil, ós rud é go raibh clásal sa Mheabhrán Tuisceana maidir le rúndacht agus trédhearcacht araon.

3.1.14. An tsochaí shibhialta a bhfuil saineolas aici, is sna cathracha móra den chuid is mó atá sí le fáil, cuir i gcás in Astana agus Almaty, agus ní sna ceantair thuaithe. Dá dheasca sin, tá sé níos deacra measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol a dhéanamh sna ceantair thuaithe sin. San am céanna, áfach, tá méadú ag teacht ar rannpháirtíocht daoine óga in eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus tá tacaíocht á fáil ag tionscnaimh na sochaí sibhialta.

3.2. *Beartais um imirce an lucht saothair sa Chasacstáin*

3.2.1. Tá an Dearbhú maidir le Beartas Comhordaithe Imirce Bhallstáit Chomhlathas na Stát Neamhspleách (CSN) sínithe ag an gCasacstáin. Dhaingnigh an Chasacstáin an *Convention on the Legal Status of Migrant Workers and Members of Their Families of the CIS Member States* [6] [Coinbhinsiún maidir le Stádas Dlíthiúil Oibrithe Imirceacha agus Baill dá dTeaghlaigh i mBallstáit CSN]. Shínigh Rialtas Phoblacht na Casacstáine comhaontuithe freisin maidir le stádas dlíthiúil oibrithe imirceacha agus baill dá dteaghlaigh agus maidir leis an gcomhar chun imirce lucht oibre neamhdhleathach ó thríú tíortha a chomhrac.

3.2.2. Is é Dlí Phoblacht na Casacstáine maidir le hImirce Daonra an phríomhionstraim dlí dá bhfuil ann. De réir Dhlí Phoblacht na Casacstáine maidir leis an bhFostaíocht, leagann rialtas Phoblacht na Casacstáine síos cuóta gach bliain chun lucht saothair eachtrach a mhealladh chun na tíre chun gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh. Le haghaidh 2024, socraíodh an cuóta ag 0,23 % de dhaonra na poblachta a bhí gníomhach ó thaobh an gheilleagair de.

3.2.3. In 2023, tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta sa Phoblacht ó 4,9 % go 4,7 % i gcomparáid le 2022. Is le tíortha CSN a dhéantar an chuid is mó de mhalartú imirce na tíre. 89,7 % sciar na n-imirceach a tháinig isteach ó thíortha CSN agus 70,6 % an sciar a d'imigh chuig na tíortha sin.

3.3. *Beartas na hóige sa Chasacstáin*

3.3.1. Cuirtear deiseanna nach beag ar fáil le haghaidh comhar leis an Aontas Eorpach a bhuí le dul chun cinn na Casacstáine i dtaca le rannpháirtíocht pholaitiúil na hóige. Tá tús áite á thabhairt ag an gCasacstáin do chumhachtú daoine óga trí Choincheap Bheartas na Óige 2023-2029, rud atá ag teacht go hiomlán le gealltanais an Aontais rannpháirtíocht shibhialta, cuimsiú sóisialta agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn i measc an aosa óig.

3.3.2. D'fhéadfadh comhpháirtíochtaí le parlaimintí óige an Aontais cláir mhalartaithe, seisiúin chomhpháirteacha agus meantóireacht le Feisirí a éascú, rud a chuirfeadh le taithí reachtach aos óg na Casacstáine agus a chothódh tuiscint iontu ar an daonlathas ionadaíoch i gcleachtais an Aontais.

3.4. *An earnáil ghnó*

3.4.1. Ní mór do gach eintiteas gnó iarratas a dhéanamh ar bhallraíocht san Atameken (Cumann Tráchtála na Casacstáine) agus táillí ballraíochta sách ard a íoc. Tacaíonn Atameken agus eagraíochtaí gnó éagsúla ón Aontas le neartú a dhéanamh ar an gcaidreamh eacnamaíoch agus trádála idir an Chasacstáin agus an tAontas.

3.4.2. Is minic a bhíonn gnólachtaí na Casacstáine in easnamh ag fóraim ghnó agus imeachtaí gnó an Aontais de dheasca ualach mór na gceanglas víosa a bhíonn orthu le teacht isteach san Aontas. I ndáil leis sin, measann gnólachtaí go gcuirfí le teagmhálacha duine le duine agus teagmhálacha gnólacht le gnólacht freisin ach córas um eisiúint víosaí a éascú a thabhairt isteach.

[6] Comhlathas an Stáit Neamhspleách.

3.5. *Ceardchumainn*

3.5.1. De réir an dlí, ní féidir le ceardchumainn stailceanna a eagrú ach amháin tar éis dheireadh na ngnáthnósanna imeachta (i.e. eadráin agus idirghabháil). Ní mór fógra a thabhairt do na húdaráis má tá stailc nó tionól beartaithe cé nach n-údaraítear ach 5 % de na cruinnithe ar deireadh, rud a chuireann teorainn shuntasach le cearta na n-oibrithe chun saoirse comhthionóil shíochánta. Tá na ceardchumainn neamhspleách ach is íseal an leibhéal ballraíochta atá acu in institiúidí rialtais. Tá sé ríthábhachtach sásraí cómhargála a neartú le go dtabharfar tuilleadh cumhachta do na ceardchumainn, le go ndéanfar ionadaíocht níos fearr ar oibrithe agus le go rachfar i ngleic leis an rannpháirtíocht theoranta sin.

3.5.2. In 2014, cuireadh dlí maidir le ceardchumainn síos, ach chuir an pobal idirnáisiúnta ina choinne. Rinneadh neamhní de na hábhair imní a bhí acu tar éis do na ceardchumainn athruithe móra a mholadh ar an reachtaíocht a bhí beartaithe. Mar sin féin, is iondúil sna réigiúin go ndéanann na comhlachtaí feidhmiúcháin neamhaird de mholtaí agus de smaointe na gceardchumann. Tá dúshláin fós ann i réimse na saoirse comhlachais.

3.5.3. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur thug Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCeardchumann rátáil 5 don Chasacstáin in 2024 de réir a Innéacs um Chearta Domhanda, rud a chiallaíonn nach ndéantar cearta oibrithe a ráthú ann ar shlí ar bith agus go bhfuil sí ar cheann de na tíortha is measa ar domhan ó thaobh dálaí oibre de ([7]). I bhfianaise a laige agus a leochailí atá cearta na n-oibrithe agus gnáthghníomhaíochtaí na gceardchumann ann, rud is ríléir, is trí urraim iomlán a thabhairt do chearta na n-oibrithe agus do chearta na gceardchumann neamhspleách a bheifear in ann cur leis an gcomhar idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach agus sa Chasacstáin.

3.6. *Cearta an duine agus neamh-idirdhealú*

3.6.1. Tá aird tarraingthe ag eagraíochtaí um chearta an duine ar an dul chun cinn mar aon leis na dúshláin leanúnacha a bhaineann le hiompar na Casacstáine ó thaobh chearta an duine de. Cé go n-aithníonn siad go bhfuil feabhas tagtha ar réimsí áirithe, athchóirithe dlíthiúla agus iarrachtaí chun an tírdhreach polaitiúil a nuachóiriú cuir i gcás, tá sé curtha in iúl acu freisin gur cúis imní dóibh na céimeanna ar gcúl atá le feiceáil i bpríomhréimsí áirithe, lena n-áirítear cosaint saoirsí sibhialta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh. In ainneoin na n-athchóirithe a seoladh chun an daonlathas a neartú, níl dul chun cinn nithiúil, comhsheasmhach le feiceáil i ngach áit go fóill.

3.6.2. In ainneoin na reachtaíochta atá ann cheana lena gceadaítear agóidí síochánta agus lena gcinntítear saoirse comhthionóil, is minic nach gcuirtear i ngníomh iad. Níl sé de cheangal ar eintitis ar mian leo agóid a eagrú réamhúdarú a fháil ó Akimat (an bardas áitiúil) a thuilleadh. Ní gá ach fógra a thabhairt do na húdaráis amháin. I bhformhór na gcásanna, áfach, faigheann an t-eagraí freagra go bhfuil an spás curtha in áirithe cheana féin ag eagraíocht eile de chuid na sochaí sibhialta (eagraíocht neamhrialtasach arna n-eagrú ag rialtas de ghnáth) nó go bhfuil an spás poiblí ina bhfuil an agóid nó an t-imeacht le bheith ar siúl á thógáil. Tarlaíonn sé ansin nach bhfuil aon imeacht le bheith ar siúl san áit iarrtha.

3.6.3. Le blianta beaga anuas, taispeánadh roinnt cásanna foréigin inscnebhunaithe ar mheáin na Casacstáine trí thrialacha beoshruthaithe, rud a chuir an tsaincheist i mbéal an phobail. Sa chomhthéacs sin, glacadh dlí ina dhiaidh sin i mí Aibreáin 2024 lenar tugadh isteach pionós níos déine le haghaidh foréigean teaghlaigh, seacht mbliana tar éis é a dhíchoiriúlú.

3.6.4. Tá mná faoi ghannionadaíocht in oifigí poiblí, in ainneoin an Dlí ar Thoghchán sa Chasacstáin lenar tugadh isteach cuótaí a éilíonn gur mná, daoine óga nó daoine faoi mhíchumas iad 30 % de na teachtaí parlaiminte. Sa téarma reachtach reatha is mná iad 20 % de chomhaltaí an tSeanaid agus 18,4 % de chomhaltaí Theach na nIonadaithe (Mazhilis) ([8]).

3.6.5. Tar éis ar tharla i mí Eanáir 2022, tá laghdú mór tagtha ar an bhféidearthacht agóid a eagrú, agus is gnách leis na húdaráis cruinnithe beaga de bheagán daoine a scaipeadh, fiú. Tugann na gníomhaithe faoi deara freisin nach bhfuil ceartas faighte ag agóideoirí arbh íospartach foréigin iad le linn na n-agóidí. Tionóladh an slógadh mór deireanach i mí Feabhra 2022 in Almaty chun tacú leis an Úcráin tar éis don Rúis ionradh a dhéanamh uirthi agus is beag agóid a rinneadh ó shin.

3.6.6. D'fhonn cuidiú le daoine faoi mhíchumas, tá tionscnamh ar a dtugtar '*Accessible Kazakhstan*' seolta ag ESSanna. Léiríonn an uirlis ar líne sin an measúnú ar leibhéal inrochtaineachta saoráidí agus seirbhísí uirbeacha do dhaoine faoi mhíchumas ([9]).

([7]) https://www.ituc-csi.org/IMG/pdf/2024_ituc_global_rights_index_en.pdf.
([8]) https://data.ipu.org/parliament/KZ/KZ-UC01/.
([9]) https://www.unicef.org/kazakhstan/en/stories/paving-accessible-path-future.

3.6.7. Is fearr is féidir gníomhaíochtaí ar son cúrsaí LGBTQI+ a dhéanamh sa Chasacstáin i gcomparáid i dtíortha eile san Áise Láir. Go traidisiúnta, bhíodh daonra fánaíochta na Casacstáine neamh-idirdhealaitheach, leathanaigeanta agus ghlacaidís le difríochtaí. Tá an staid imithe go mór in olcas do dhaoine LGBTQI+ de dheasca bholscaireacht agus stiogmatú na Rúise. Caithfidh daoine trasinscneacha dul faoi mháinliacht ar a mbaill ghiniúna más mian leo go n-aithneofaí a n-inscne nua ar a gcárta aitheantais ([10]). An togra chun reachtaíocht frith-LGBTQI+ a thíolacadh, dála na reachtaíochta atá i bhfeidhm sa Rúis, níor tháinig ann dó.

3.7. *Saoirse na meán agus an phreasa*

3.7.1. De réir Innéacs Shaoirse an Phreasa in 2024, rangaíodh an Chasacstáin sa 142ú háit as 180 tír. Sa 134ú háit a bhí sí in 2023. Tá smacht nach beag ag an rialtas ar na meáin. Tá thart ar 90 % de na meáin urraithe ag an stát. Is deacair ag an bpreas neamhspleách maoiniú inbhuanaithe a fháil. I gcásanna áirithe, tá siad urraithe ag brandaí aitheanta ar mian leo a gcáil a chur chun cinn.

3.7.2. De dhroim na reachtaíochta nua maidir leis na meáin a fógraíodh le déanaí, tá imní ar iriseoirí agus oibrithe na meán toisc go meastar go bhfuil sí measartha sriantach. Thairis sin, tá roinnt beart maidir le rochtain iriseoirí eachtracha ar an gCasacstáin á bplé.

3.7.3. Le dlíthe meán agus faisnéise na Casacstáine, forchuirtear leibhéal áirithe rialuithe ar ábhar na meán. Ceanglaítear le dlí na meán go gclárófaí gach eagraíocht meán agus tá an ceart ag an rialtas a ndeimhnithe a chur ar fionraí nó a chúlghairm i gcás foilsiú faisnéise íogaire.

3.7.4. De réir na sochaí sibhialta, tá an creat dlíthiúil maidir le rochtain ar fhaisnéis a bhaineann le leas an phobail teoranta, in ainneoin gur glacadh teicneolaíochtaí digiteacha agus an tionchair atá acu ar rialachas agus ar an tseirbhís phoiblí. Níl rochtain ag iriseoirí ná saoránaigh ar chuid mhór faisnéise, amhail faisnéis bhuiséid. Ar an gcaoi chéanna, is beag cruinniú d'údaráis stáit atá oscailte don phobal.

3.7.5. Is suntasach bolscaireacht na Rúise agus is mó an tionchar atá aici, go háirithe ós rud é gur Rúisis atá á labhairt ag an gcuid is mó den daonra. Ó thús an chogaidh san Úcráin, tá méadú suntasach tagtha ar an mbréagnuacht agus ar an mbolscaireacht. Is cosúil nach gcuireann institiúidí poiblí ina choinne tríd an ngníomhaíocht is gá a dhéanamh.

3.8. *Ceartas*

3.8.1. I Lár na hÁise, meastar go bhfuil córas breithiúnach na Casacstáine níos fearr ná córas tíortha eile sa réigiún sin. Ó tharla gur sa Rúisis atá an chuid is mó den fhaisnéis dhlíthiúil, cruthaítear folús faisnéise do lucht labhartha na Casaicise. Rinneadh gearáin freisin faoin leibhéal ró-ard spleáchais pholaitiúil idir breithiúna, ionchúisitheoirí agus na póilíní.

3.8.2. Bunaíodh Cúirt Bhunreachtúil na Casacstáine in 2023. Reáchtáiltear a nósanna imeachta go léir ar líne. Tugtar cuireadh d'ionadaithe ó ghníomhaireachtaí stáit agus do shaoránaigh a d'ardaigh cás os comhair na Cúirte freastal ar na héisteachtaí. Feidhmíonn sí mar idirghabhálaí agus mar shásra mearfhreagartha. Ról coisctheach atá aici agus déanann sí faireachán ar chur i bhfeidhm cinntí freisin.

3.8.3. Is léir ón méadú ar líon na gcásanna a chuirtear faoi bhráid na gcúirteanna sibhialta go bhfuil ag méadú ar mhuinín an phobail as imeachtaí breithiúnacha ar an leibhéal sin. Ní hionann an cás i gcásanna coiriúla, ina ndearnadh gearán faoi chásanna áirithe diansmachta. I ndáil leis sin, ceann de na cásanna is mó a bhfuiltear ar an eolas faoi go hidirnáisiúnta is ea cás an ghníomhaí Zhanbolat Mamai, duine den fhreasúra a cuireadh i leith ollchíréibeacha a eagrú in Almaty le linn agóidí mhí Eanáir 2022.

3.8.4. Luaitear i dTuairim Uimh. 11/2023 (an Chasacstáin), a glacadh an 28 Márta 2023, ón Meitheal um ghabháil gan chúis de chuid Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, go bhfuil cailleadh saoirse Zhanbolat Mamai contrártha d'Airteagal 3, Airteagal 9, Airteagal 19 agus Airteagal 20 de Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus d'Airteagal 9(1), Airteagal 19 agus Airteagal 21 den Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla.

([10]) https://www.rferl.org/a/fighting-for-identity-kazakh-laws-make-life-difficult-for-transgender-community/30774062.html.

4. **Plean Gníomhaíochta chun feabhas a chur ar an gcomhar idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Aontas Eorpach agus sa Chasacstáin**

4.1. I ndáil le cur chun feidhme CCCF agus na straitéise 'Global Gateway' sa Chasacstáin agus san Áise Láir i gcoitinne, tá CESE den tuairim láidir nach féidir é a bhaint amach i gcomhréir le caighdeáin an Aontais mura nglacann eagraíochtaí na sochaí sibhialta páirt ann nó mura leithdháileann na hinstitiúidí Eorpacha comhpháirt airgeadais ar leith chun tacú leis na bearta dá bhforáiltear i gCaibidil 5, Airteagal 251 de CCCF.

4.2. Tá CESE suite de gur féidir an caidreamh idir an tsochaí shibhialta eagraithe san Aontas agus an Chasacstáin a fhorbairt ar bhealach struchtúrtha bunaithe ar Phlean Gníomhaíochta ina mbeidh roinnt tosaíochtaí agus é i gcomhréir le cuspóirí Straitéis Nua an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Ní mór cistiú a chur ar fáil leis an tionscnamh 'Global Gateway', le ranníocaíocht chomhréireach ag teacht ó na rialtais stát sa réigiún sin, agus ó dheontóirí idirnáisiúnta eile.

4.3. Ba cheart Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÁise Láir a bhunú bunaithe ar shamhail agus ar thaithí Fhóraim Sochaí Sibhialta AE-na hÁise Láir a eagraíonn na hinstitiúidí Eorpacha go tréimhsiúil agus bunaithe ar na dea-chleachtais a d'fhorbair CESE agus Fóram Sochaí Sibhialta Chomhpháirtíocht an Oirthir.

4.4. Is stáit fhorbartha iad Poblacht na Casacstáine agus Poblacht na hÚisbéiceastáine a bhfuil an acmhainneacht airgeadais agus riaracháin is gá acu chun a chinntiú go mbunófar creat institiúideach don chaidreamh idir eagraíochtaí na sochaí sibhialta san Áise Láir agus san Aontas Eorpach.

4.5. Céim thábhachtach chun cinn a bheadh i mbunú ardáin náisiúnta na sochaí sibhialta sna stáit sin i dtreo Ardán Sochaí Sibhialta AE-na hÁise Láir a bhunú, lena bhféadfaí idirphlé leanúnach struchtúrtha a dhéanamh idir ionadaithe na sochaí sibhialta ó Bhallstáit an Aontais agus ó stáit réigiún na hÁise Láir.

4.6. Is féidir buntáistí suntasacha a bheith ag baint leis an mbealach struchtúrtha sin chun dea-chaidreamh a áirithiú idir ionadaithe na sochaí sibhialta eagraithe ón dá réigiún sin den domhan, buntáistí a bhaineann le caidreamh eacnamaíoch, tráchtála, sóisialta agus cultúrtha a neartú, malartú taithí agus dea-chleachtas a éascú. Ar an gcaoi sin, áiritheofar go mbeidh na dálaí cearta ann le haghaidh comhordú agus sioncrónú níos fearr i leith gníomhaíochtaí ar an leibhéal idirnáisiúnta.

4.7. Ní hamháin gur uirlis thábhachtach é an Meabhrán Tuisceana idir an tAontas agus an Chasacstáin maidir le comhpháirtíocht straitéiseach i réimse na n-amhábhar, na gceallraí agus na hidrigine in-athnuaite chun infheistíocht a mhealladh sna réimsí leasa straitéisigh sin do shínitheoirí an chomhaontaithe seo, ach is deis é freisin chun ról a thabhairt don tsochaí shibhialta eagraithe sa mheasúnú ar inbhuanaitheacht tionscadal agus ar oibleagáidí díchill chuí i gcomhréir le SFInna na Náisiún Aontaithe, go háirithe SFI 7, SFI 12 agus SFI 13, agus leis na caighdeáin arna nglacadh ag an Aontas agus ag ECFE.

4.8. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an tAontas Eorpach cabhrú le forbairt agus comhdhlúthú na sochaí sibhialta sa Chasacstáin trí chlár malartaithe taithí a chruthú do na státseirbhísigh sa chóras riaracháin agus d'fhoireann chóras breithiúnach na tíre. D'fhéadfadh an Institiúid Eorpach um Riarachán Poiblí in Maastricht agus an Lárionad Eorpach do Bhreithiúna agus Dlíodóirí i Lucsamburg a bheith rannpháirteach ann freisin.

4.9. Tar éis dóibh cruinnithe a bheith acu le hionadaithe ón tsochaí shibhialta agus ón gCúirt Bhunreachtúil, chinn toscaireacht CESE a thug cuairt ar an gCasacstáin go bhféadfaí cuid mhaith de na cásanna a thuairiscigh eagraíochtaí um chearta an duine a sheachaint dá mbeadh oiliúint ghairmiúil agus meon roinnt ionadaithe stáit sna húdaráis phoiblí nó sa chóras breithiúnach i gcomhréir leis na dea-chleachtais i dtíortha ECFE.

4.10. Mar shampla, tuairiscíodh go bhfuil bearnaí san oiliúint a chuirtear ar ghiúistísí, sin mar gheall ar an mearbhall i dtaobh téarmaíocht dhlíthiúil toisc go bhfuil na próisis oideachais agus oiliúna do ghiúistísí fós bunaithe ar mhodhanna oideolaíocha agus ar ábhair theagaisc ón iarchóras Sóivéadach nó ó chóras reatha na Rúise; ní dhearnadh mórán machnaimh ar an ngá méadaitheach atá leis an gCasaicis san idirghníomhú idir giúistísí agus dlíthithe.

4.11. Is féidir le hinstitiúidí an Aontais tacú freisin le forbairt na sochaí sibhialta sa Chasacstáin trí na deiseanna oideachais don Chasacstánach óg a mhéadú trí bhíthin an chláir Erasmus Plus. Tá oiliúint curtha ar ionadaithe nua na sochaí sibhialta cheana féin a bhuí leis an gclár sin, agus tá tuiscint níos fearr acu ar chóras na bprionsabal agus na luachanna san Aontas dá réir. Téann daoine óga ó na Ballstáit chun staidéar a dhéanamh sa Chasacstáin freisin agus bíonn baint nach beag aige sin leis an gcomhar déthaobhach, rud a théann i dtreis le comhthuiscint agus meas.

4.12. Tá suim ag ollscoileanna sa Chasacstáin tuilleadh deiseanna a chur ar fáil dá gcuid mac léinn chun iad a thabhairt isteach i gcláir mhalartaithe idirnáisiúnta le hinstitiúidí ardoideachais comhchosúla san Aontas, agus tá taithí agus cumas ollscoileanna na Casacstáine mar bhonn taca leis an spéis seo chun tionscadail Erasmus a bhainistiú de réir nósanna imeachta an Aontais Eorpaigh.

An Bhruiséil, an 26 Márta 2025.

Uachtarán

Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Oliver RÖPKE